



# Gearrchúrsa de chuid na Sraithe Sóisearaí– Taibhiú Ealaíne

Treoirínte don Mheasúnú Rangbhunaithe

An Chéad Eagrán





# An Clár Ábhar

Réamhrá	4
Measúnuithe Rangbhunaithe: Eolas Ginearálta	4
An leibhéal gnóthachtála a chinneadh	5
Am do na Measúnuithe Rangbhunaithe	6
Neamhspleáchas na scoile chun Measúnú Rangbhunaithe a ullmhú	6
An chaoi a dtacaíonn an scoil leis na measúnuithe a chur i gcrích	8
Measúnú Rangbhunaithe i dTaibhiú Ealaíne (gearrchúrsa)	9
Measúnú Rangbhunaithe: Taibhiú	9
Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích:	10
Measúnú Rangbhunaithe: Comhairle don scoláire	13
An leibhéal gnóthachtála a chinneadh	15

# Réamhrá

Cuirtear ar fáil sa cháipéis seo, *Gearrchúrsa de chuid na Sraithe Sóisearaí – Taibhiú Ealaíne: Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe*:

- Eolas ginearálta faoi Mheasúnuithe Rangbhunaithe
- Sonraí faoi chineál agus faoi raon feidhme an Mheasúnaithe Rangbhunaithe a bhfuil cur síos orthu sa tsonraíocht do ghearrchúrsa Taibhithe Ealaíne na Sraithe Sóisearaí.
- Na Gnéithe Cáilíochta a úsáidfeadh chun cur síos a dhéanamh ar an leibhéal gnóthachtála i ngach Measúnú Rangbhunaithe
- Treoirlínte don scoil, don mhúinteoir agus don scoláire maidir leis an Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích

Ba chóir na treoirlínte seo a úsáid i gcomhar leis an tsonraíocht do ghearrchúrsa Taibhithe Ealaíne na Sraithe Sóisearaí agus leis an bhFoireann Uirlisí don Mheasúnú don tSraith Shóisearach. Tugtar breac-chuntas mionsonraithe ar an measúnú don tSraith Shóisearach sa Chreat don tSraith Shóisearach, 2015, atá ar fáil ag <https://www.education.ie/ga/Foilseach%C3%A1in/Tuarasc%C3%A1lacha-Beartais/Creat-don-tSraith-Shoisearach-2015.pdf>.

I ngearrchúrsaí na Sraithe Sóisearaí, beidh réimse cuir chuige measúnaithe in úsáid le cur leis an bhfoghlaim. Áireofar leo seo measúnuithe leanúnacha, lena n-áirítear tascanna agus scrúduithe rialta a dhearfadh an múinteoir; measúnú leanúnach don scoláire atá ag tabhairt faoi aonaid foghlama tosaíochta ag Leibhéal 2; agus measúnú rangbhunaithe amháin.

## Measúnuithe Rangbhunaithe: Eolas Ginearálta

Is é an chaoi is fearr le cur síos a dhéanamh ar Mheasúnú Rangbhunaithe ná an tráth a ndéanann an múinteoir measúnú ar an scoláire leis na tasc(anna) sonracha(a) a leagtar amach i sonraíocht ghearrchúrsa CNCM nó i sonraíocht ghearrchúrsa arna forbairt sa scoil. Leagtar amach sna treoirlínte seo na tascanna agus na Gnéithe Cáilíochta, a thacaíonn le breithiúnas an mhúinteora.

Cé go bhfuil an measúnú cosúil leis an measúnú leanúnach a tharlaíonn gach lá sa rang, i gcás an mheasúnaithe rangbhunaithe úsáidtear breithiúnas an mhúinteora i dtuairisciú na scoile do

thuismitheoirí agus don scoláire agus d'fhéadfaí é a thaifeadadh chomh maith i gcomhair cruinnithe foghlama agus measúnaithe. Ullmhaíonn an scoláire don Mheasúnú Rangbhunaithe thar thréimhse mholta sa dara nó sa tríú bliain. Ní chuirtear torthaí a bhaintear amach i dtionscadail eile, in obair baile, ná i dtrialacha a dhéanann an scoláire le linn dó a chuid gnáthobair ranga a dhéanamh san áireamh le tuairisceoir a bhronnadh mar chuid den Mheasúnú Rangbhunaithe.

## An leibhéal gnóthachtála a chinneadh

Tá ceithre thuairisceoir leibhéal gnóthachtála i ngach Measúnú Rangbhunaithe: *Thar barr ar fad*, *Os cionn na n-ionchas*, *Ag teacht le hionchais*, agus *Níor chomhlíon na hionchais go fóill*.

Úsáideann an múinteoir na Gnéithe Cáilíochta, a leagtar amach sna treoirlínte seo (lch 16), leis an leibhéal gnóthachtála a mheas i ngach Measúnú Rangbhunaithe. Is iad na Gnéithe Cáilíochta na critéir a úsáidfear lena mheas cén ceann de na tuairisceoirí seo a leanas is fearr a oireann d'obair an scoláire:

Úsáidtear **Thar barr ar fad** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear na Gnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is éasca don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm.

Úsáidtear **Os cionn na n-ionchas** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear na Gnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D'fhéadfadh sé go dtabharfadh an múinteoir aiseolas gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur uirthi, ach, tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán.

Úsáidtear **Ag teacht leis na hionchais** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear formhór na nGnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó.

Úsáidtear **Níor chomhlíon na hionchais go fóill** le cur síos a dhéanamh ar shaothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na nGnéithe Cáilíochta a bhaineann leis. B'fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na heasnaimh bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart.

Agus na Gnéithe Cáilíochta á n-úsáid ag an mhúinteoir le leibhéal gnóthachtála an scoláire a mheas sa Mheasúnú Rangbhunaithe, úsáideann sé breithiúnas ‘ar an iomlán’. Ba chóir don mhúinteoir na Gnéithe Cáilíochta a léamh (*Níor chomhlíon na hionchais go fóill ar dtús*) go dtí go dtagann sé ar an tuairisceoir is fearr a dhéanann cur síos ar an saothar atá á mheas. Nuair nach bhfuil sé an-soiléir cén tuairisceoir cáilíochta ba chóir a úsáid, ní mór don mhúinteoir breithiúnas a dhéanamh de réir na fianaise ó obair an scoláire le teacht ar an tuairisceoir is fearr a oireann d’obair an scoláire ar an iomlán. Cuireann cur chuige ‘na rogha is oiriúnaí’ ar chumas an mhúinteora an tuairisceoir is fearr a dhéanann cur síos ‘ar an iomlán’ ar an saothar atá á mheas a roghnú.

Níor chóir don mhúinteoir talamh slán a dhéanamh de go mbeadh torthaí grúpa scoláirí ag teacht le haon phatrún dáileacháin ar leith, de bharr nach ndéantar an obair a mheas ach amháin trí thagairt do na Gnéithe Cáilíochta seachas don chaoi ar éirigh leis na scoláirí eile.

## Am do na Measúinthe Rangbhunaithe

Áirítear Measúnú Rangbhunaithe san fhad ama a thugtar do ghearrchúrsaí, timpeall 100 uair an chloig. Is ionann an Measúnú Rangbhunaithe seo agus toradh na hoibre ar tugadh fúithi i dtrí shnáithe an ghearrchúrsa taibhithe ealaíne. Ba chóir tús a chur leis an Measúnú Rangbhunaithe i ndiaidh obair na dtrí shnáithe a chur i gcrích. Samhlaítear go ndéanfar an t-ullmhúchán i gcomhair an Mheasúnaithe Rangbhunaithe seo agus go gcuirfear i gcrích é thar thart ar 8-10 n-uair an chloig d’am ranga, ach braithfidh sé sin ar an gcineál taibhithe a roghnaítear. Cé go mbeidh éagsúlacht ag baint leis an am a ndéantar an Measúnú Rangbhunaithe i ngearrchúrsaí ag brath ar an scoil, ní féidir Measúnaithe Rangbhunaithe a dhéanfar i gcomhair tuairisciú i bPróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) a chur i gcrích sa chéad bhliain.

## Neamhspleáchas na scoile chun Measúnú Rangbhunaithe a ullmhú

Leagtar amach sna treoirínthe seo raon roghanna le haghaidh an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ionas go mbeidh siad ag teacht le riachtanais agus le dálaí áirithe an scoláire agus na scoile. Cuirtear éagsúlacht féidearthachtaí i láthair maidir le leagan amach an taibhithe deiridh, an cineál taibhithe féin agus ról an mhúinteora i dtaca le hiarrachtaí ghrúpa an scoláire a éascú. Laistigh de na paraiméadair a shocraítear sna treoirínthe, is féidir leis an scoil, leis an mhúinteoir agus leis an scoláire raon na dtéamaí agus na n-ábhar don mheasúnú a shocrú go neamhspleách.

Féadfaidh an scoil aon ghearrchúrsa ó CNCM a chur in oiriúint dá riachtanais shonracha féin agus do chomhthéacs na scoile. Má tá an cúrsa á chur in oiriúint, d’fhéadfadh go mbeadh ar an scoil an

Measúnú Rangbhunaithe a chur in oiriúint freisin ionas go léireodh sé foghlaim an scoláire. Féadfaidh scoil a gearrchúrsa(i) féin a fhorbairt freisin, chomh maith le Measúnú Rangbhunaithe lena mbaineann. Tá treoirlínte ar fáil d'aon scoil ar mian léi a gearrchúrsa(i) féin a fhorbairt.



## An chaoi a dtacaíonn an scoil leis na measúnuithe a chur i gcrích

Tacaíonn an scoil leis na measúnuithe a chur i gcrích ach:

- A chinntiú go dtugtar an t*Sonraíocht agus na Treoirínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe* de chuid CNCM don mhúinteoir
- Tacú leis an múinteoir na Tuairisceoirí leibhéal a bronnadh ar gach scoláire a thaifead
- Taifid agus saothair a choinneáil, de réir mar is cuí, chun críche Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair
- Na treoirínte don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i bhfeidhm
- A chinntiú go mbeidh fáil ag gach scoláire ar an measúnú
- Torthaí na Measúnuithe Rangbhunaithe a thuairisciú don scoláire agus a thuismitheoirí/chaomhnóirí mar chuid de nósanna imeachta tuairiscithe na scoile agus trí Phróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

Agus fianaise á bailiú chun críocha measúnaithe i nGearrchúrsaí na Sraithe Sóisearaí, tá sé tábhachtach go n-úsáideann an múinteoir cuir chuige atá inbhuanaithe agus comhréireach. Toisc go mbaineann measúnú le cur ar chumas an mhúinteora torthaí a fheabhsú don scoláire, tá sé tábhachtach a chinntiú nach mbeadh an iomarca páipéarachais ná próisis ró-chasta mar chonstaic le foghlaim agus teagasc. Is gá go dtacódh aon pháipéarachas le foghlaim seachas a bheith mar thoradh ann féin.

Cé gur chóir go mbeadh breithiúnais mheasúnaithe bunaithe ar fhianaise a tharraingítear go príomha ó foghlaim agus teagasc laethúil, níl aon ghá fóiliónna móra fianaise a bhailiú le tacú leis sin. Trí rúin foghlama agus critéir ratha nó na gnéithe cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe a chomhroinnt, ba chóir don mhúinteoir aird a tharraingt ar an ról is féidir leis an scoláire a imirt chun fianaise cháilíochta a shainiú óna shaothar féin le húsáid chun críocha measúnaithe.

Bealach amháin is ea próiseas pleanála éifeachtúil ina sainiúítear cén uair agus cén chaoi a ngabfar príomhghnéithe den foghlaim mar fhianaise don mheasúnú lena chinntiú go bhfanann gearrchúrsaí in-bhainistithe agus inbhuanaithe. Seachnaítear sa chur chuige seo fianaise iomarcach agus mhíchúí a bhailiú maidir le feidhmíocht an scoláire agus féadtar pléití i gcruinniú athbhreithnithe a thabhairt ar aghaidh ar bhealach struchtúrach. Seachnaítear chomh maith an brú ag deireadh an chúrsa chun fianaise a lorg agus a shainiú le tacú le breithiúnais maidir le feidhmíocht ar an iomlán.

D'fhonn aiseolas a chur ar fáil don scoláire agus é i mbun an mheasúnaithe, ba chóir breathnú ar an bpróiseas leis na Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích mar chuid den phróiseas teagaisc agus foghlama, agus ní chun críche measúnú amháin. Tá sé i gceist go dtabharfaidh an múinteoir treoir agus tacaíocht don scoláire agus go ndéanfaidh sé maoirseacht air ó thús deireadh an phróisis.

D'fhéadfadh sé go mbeadh i gceist le tacaíocht:

- Riachtanais an taisc a shoiléiriú
- Samplaí anótáilte d'obair scoláirí a úsáid le brí agus le léirmhíniú na nGnéithe Cáilíochta a shoiléiriú don scoláire
- Treoracha a chur ar fáil go rialta agus go straitéiseach le críochnú tráthúil an tionscadail deiridh a éascú
- Tacaíocht a chur ar fáil do scoláire ar bith a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aige.

## Measúnú Rangbhunaithe i dTaibhiú Ealaíne (gearrchúrsa)

Beidh an measúnú sa taibhiú ealaíne rangbhunaithe. Tá Measúnú Rangbhunaithe amháin ann, an taibhiú deiridh, arb ionann é agus toradh na hoibre ar tugadh fúithi i dtrí shnáithe an gearrchúrsa Taibhithe Ealaíne. Ba chóir tús a chur leis an Measúnú Rangbhunaithe i ndiaidh an obair sna trí shnáithe a chur i gcrích. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach féidir obair a dhéantar sa chéad bhliain den tSraith Shóisearach a áireamh don tuairisciú sa PGSS.

### Measúnú Rangbhunaithe: Taibhiú

Ba chóir go dtabharfadh an grúpthaibhiú deiridh na scileanna ábhartha go léir le chéile, agus go léireofaí fianaise ar fheabhsú agus ar thiomantas. Tá measúnú ar an taibhiú bunaithe ar na gnéithe cáilíochta de réir mar a bhaineann siad le ról an scoláire sa taibhiú. Is féidir leis an measúnú tarlú i bhfíor-am nó i meascán d'fhíor-am agus breathnú ar thaibhiú taifeadta. Ligeann an taibhiú don scoláire a scileanna a chur in iúl trína dhisciplín roghnaithe agus ba chóir don mheasúnú smacht teicniúil, cruthaitheacht, léirmhíniú agus obair foirne a bhreithniú.

Beidh na torthaí foghlama ar a ndéanfar measúnú tríd an tionscadal deiridh, ag brath, go pointe áirithe, ar an topaic a roghnófar agus ar an meán ina gcuirfear an cur i láthair i láthair. Seo cúpla ceann a d'fhéadfadh a bheith an-ábhartha:

Measúnú Rangbhunaithe: Taibhiú
1.2, 1.5, 2.5, 2.7, 2.10, 3.1, 3.2, 3.3, 3.4

Mar chuid den Mheasúnú Rangbhunaithe, caithfidh an scoláire machnamh a dhéanamh ar a thaithí ar rannpháirtíocht sna healaíona agus é ag dul ar aghaidh trí na trí shnáithe. Is féidir é sin a chur i láthair i bhfoirm scríofa, dhigiteach, físe nó fuaime, nó in aon fhoirm eile a mheasann an scoláire a bheith oiriúnach agus cuí chun bunbhrí an mhachnaimh a thabhairt le fios.

Ní féidir glacadh le hobair nach féidir leis an múinteoir a dheimhniú lena mheas sa PGSS.

## Treoirínte don Mheasúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích:

Ba chóir an grúpthaibhiú a chur ar siúl sa scoil i dtreo dheireadh an ghearrchúrsa seo. Ní mór roinnt ama a chur i leataobh tar éis an taibhithe d'fhonn ligean don scoláire machnamh a dhéanamh ar a thaibhiú féin agus aiseolas a fháil óna chomhscoláirí agus óna mhúinteoir. Ar an ábhar sin, moltar an taibhiú a chur ar siúl thart ar choicís roimh chríochnú an chúrsa ar an gclár ama. Cé go dtabharfaidh sé faoi Mheasúnú Rangbhunaithe mar chuid d'fhoireann, díreofar sa mheasúnú ar ról agus ar an méid a chuireann an scoláire go haonarach leis an taibhiú. Cé go bhfuiltear ag súil go n-oibreoidh gach scoláire as féin ar réimsí aontaithe ar leith, beidh ar an ngrúpa an comhtháthú a theastaíonn mar fhoireann a choinneáil d'fhonn an taibhiú a chur i gcrích go rathúil. Tá an measúnú ar an taibhiú bunaithe ar na gnéithe cáilíochta de réir mar a bhaineann siad le ról an scoláire sa taibhiú.

Mar chuid den Mheasúnú Rangbhunaithe, caithfidh an scoláire machnamh a dhéanamh ar a thaithí ar rannpháirtíocht sna healaíona agus é ag dul ar aghaidh trí na trí shnáithe. Féadtar formáid ar bith is rogha leis an scoláire a úsáid lena aghaidh, lena n-áirítear:

- machnamh criticiúil ar an bhfoirm/na foirmeacha ealaíne roghnaithe i rith an chúrsa
- an taighde a rinneadh chun tacú le foghlaim agus teagasc sa seomra ranga
- machnamh ar na scileanna a foghlaimíodh agus a forbraíodh sa disciplín ealaíne
- na teicnící agus na straitéisí a fiosaíodh le linn na pleanála agus an chleachtaidh
- measúnú ar an rannpháirtíocht sa ghrúpthaibhiú deiridh; lena n-áirítear tuairimí faoin dóigh a bhféadfaí na scileanna a foghlaimíodh sa taithí seo a úsáid i dtaithí foghlama eile
- machnamh ar bheith ag obair mar chuid d'fhoireann
- sceitsí le haghaidh cultacha, soilsiú agus dearadh seit

- na scéalchláir a úsáideadh leis an struchtúr a leagan amach
- grianghraif anótáilte de chleachtaí
- samplaí d'acmhainní agus de shaineolas eile a úsáideadh chun tacú le forbairt scileanna.

Ós rud é gur ceapadh an gearrchúrsa seo le bheith ina chreat chun rannpháirtíocht sna healaíona a éascú ar an iliomad bealaí, tugtar tacaíocht bhreise anseo ar mhaithe leis an taibhiú a mheas ag deireadh an ghearrchúrsa. Mar shampla, is cuma má ba phríomhamhránaí, príomhdhamhsóir, ball de chór, bainisteoir stáitse, bainisteoir fógraíochta agus poiblíochta, nó léiritheoir soilse agus fuaime an scoláire, is féidir glacadh leis ó na gnéithe cáilíochta thíos go bhfuil an uile ról féideartha a d'fhéadfadh an scoláire a ghlacadh san áireamh.

Laistigh d'aon disciplín ealaíne, tá inniúlachtaí ealaíne ar leith (idir bhriathartha agus neamhbhriathartha), nósmaireachtaí agus scileanna le fiosrú agus le forbairt. I gcomhthéacs an ghearrchúrsa seo, ní mór na scileanna sin a mheas má chuirtear i láthair iad mar chuid den Mheasúnú Rangbhunaithe. Mar áis faoi choinne an mheasúnaithe ar an ngearrchúrsa seo, leagtar roinnt smaointe amach thíos maidir leis an tslí ar féidir an creat agus na gnéithe cáilíochta a léirmhíniú i ndisciplíní ealaíne éagsúla. Tá na sonraí thíos bunaithe ar na disciplíní ealaíne ar mó seans go n-úsáidfear iad sna scoileanna.

### **Damhsa:**

Trí mheán an damhsa, is féidir leis an scoláire taithí a fháil ar an gcaoi a n-úsáidtear gluaiseacht chun smaointe agus coincheapa a chur in iúl i réimse stíleanna agus suíomhanna. De bharr páirt a ghlacadh sa damhsa mar fhoirm ealaíne, tig leis an scoláire gnéithe, stair, cultúir, carachtair, stíleanna agus cuspóir an damhsa a iniúchadh agus na stóir focal, na cleachtais agus na scileanna teicniúla a cheiliúrtar sa damhsa a fhoghlaim. D'fhonn scileanna sa damhsa a fhorbairt, d'fhéadfadh an scoláire teicnící a fhiosrú amhail staidiúir, corpfheasacht, smacht mheabhrach, spás, am agus caidreamh, agus idirghníomhaíochtaí idir a chorp féin agus coirp agus timpeallachtaí eile a fhiosrú. Lena chois sin, d'fhéadfadh sé foghlaim faoin gcaoi a gcuireann scileanna léiritheacha amhail stíl, giúmar, ionbhá agus intinn, le taibhiú. Agus na gnéithe cáilíochta á gcur i bhfeidhm i dtaibhiú damhsa, d'fhéadfaí smaointe ar na gnéithe seo a leanas: staidiúir, comhordú, cothromaíocht, léirmhíniú, smacht, feasacht ar spásúlacht, oiriúnacht na stíle a roghnaíodh, bá leis na comhthabheoirí agus teagmháil leis an lucht féachana.

### **Drámaíocht:**

De bharr páirt a ghlacadh sa drámaíocht mar thaibhiú ealaíne, féadfaidh an scoláire léirtheiscint a fháil do ról na drámaíochta i gcultúir an tsean-ama, i gcultúir an lae inniu, agus an tionchar lena mbaineann sa todhchaí. D'fhéadfadh an scoláire cuspóirí, comhthéacsanna, téamaí, tuairimí agus stíleanna éagsúla drámaíochta a iniúchadh agus ceisteanna a chur faoin dóigh ar baineadh leas as an drámaíocht chun féiniúlacht chultúrtha a chur in iúl, scéalta a insint agus dúshlán a chur faoi lucht féachana chun cuimhneamh ar smaointe sóisialta nó polaitiúla.

De thairbhe taithí a fháil ar bharr feabhais sa drámaíocht, gheobhaidh an scoláire tuiscint ar na gnéithe tábhachtacha lena n-áirítear ról, gníomh, am, áit, fócas, giúmar, carachtar agus scéal. D'fhéadfadh an scoláire a chuid scileanna a fhorbairt – scileanna amhail teilgean gutha, comharthaíocht choirp, tobchumadóireacht, gluaiseacht agus spás – d'fhonn smaointe ar nós carachtair, cásanna agus caidrimh a chur in iúl. D'fhéadfadh an scoláire triail a bhaint as nósmaireachtaí struchtúracha amhail stadán beo agus ionramháil ama agus foghlaim faoi na teicneolaíochtaí a thacaíonn le taibhithe, fearacht dearadh seit, dearadh cultacha, soilse agus fuaim.

Agus na gnéithe cáilíochta á gcur i bhfeidhm i dtaibhiú drámaíochta, d'fhéadfaí smaoinemh ar na gnéithe seo a leanas: cur in iúl an charachtair, tuiscint don chás, feasacht ar stíl agus ar chomhthéacs, feasacht ar an lucht féachana, bá le stíl agus le comhthéacs an léiriúcháin agus tiomantas d'iaracht an ghrúpa.

### **Ceol/Ceolamharclannaíocht**

De bharr páirt a ghlacadh sa cheol mar fhoirm ealaíne, gheobhaidh an scoláire tuiscint ar cheol mar mheán cumarsáide a thugann léargas ar chultúir an tsean-ama agus ar chultúir an lae inniu. A bhuíochas le ceol/ceolamharclannaíocht, is féidir scileanna éisteachta a fhorbairt, gléasanna struchtúracha a thuiscint, léiriú mothúchán a fhoghlaim, feasacht ar rithim, corpfheasacht agus feasacht ar spásúlacht a fhorbairt agus teicneolaíochtaí agus gnéithe an cheoil agus na hamharclannaíochta a thuiscint. D'fhéadfadh an scoláire a chuid smaointe a fhorbairt tríd an tobchumadóireacht agus an cumadóireacht agus d'fhéadfadh sé stíleanna, seánraí agus foirmeacha cultúir éagsúla sa cheol agus sa cheolamharclannaíocht a iniúchadh.

Agus na gnéithe cáilíochta á gcur i bhfeidhm i dtaibhiú ceoil/ceolamharclannaíochta, d'fhéadfaí smaoinemh ar na gnéithe seo a leanas: inchloisteacht, soiléire an teilgin, an cumas chun carachtar a léiriú agus coinneáil ar aghaidh ag léiriú an charachtair sin, caidreamh le taibheoirí eile, feasacht ar an lucht féachana, úsáid éifeachtach an ardáin, tiúnadh agus gluaiseacht.

### **Na hAmharc-ealaíona:**

De bharr páirt a ghlacadh sna hamharc-ealaíona, foghlaimeoidh an scoláire an chaoi a gcuireann íomhánna agus réada smaointe agus mothúcháin in iúl. Is féidir leis an scoláire foghlaim faoin tslí a n-éiríonn leis na híomhánna agus na réada sin smaointe a mhúscailt, díospóireacht a chur chun cinn agus a spreagadh, daoine a ghríosú chun gnímh agus sochaithe an tsean-ama agus an lae inniu a léiriú. Is iomaí disciplín a d'fhéadfaí a áireamh faoi 'Amharc-ealaíona'; ina measc tá mínealaín, cumarsáid ghrafach, dearadh teicstíil, staidéar scannán/staidéar ar na meáin, grianghrafadóireacht agus dearadh tionsclaíoch. Dá gcuimhneofaí ar an mbrainse seo de na healaíona don ghearrchúrsa, d'fhéadfadh an méid seo teacht chun cinn mar thoradh ar an gcúrsa: taispeántas ealaíne/grianghrafadóireachta a choimeád, clós súgartha na scoile a athdhearadh d'fhonn struchtúir amharc-ealaíon a chur san áireamh, taipéis a chruthú ina sonróaí imeacht stairiúil áitiúil nó scannánú a dhéanamh ar fhógra faoi choinne éadaí/coisbhirt.

Agus na gnéithe cáilíochta á gcur i bhfeidhm i dtaibhiú amharc-ealaíon, d'fhéadfaí smaoineamh ar na gnéithe seo a leanas: ton, dath, uigeacht, patrún, giúmar, tuiscint ar spásúlacht, scála, na bealaí éagsúla inar féidir íomhánna agus smaointe a léiriú, úsáid chuí ábhar agus teicneolaíochta agus feasacht ar an lucht féachana.

## Measúnú Rangbhunaithe: Comhairle don scoláire

- Tógann sé am chun inniúlachtaí nua ealaíon, agus scileanna atá bunaithe ar na healaíona, a fhorbairt agus chun máistreacht a fháil orthu. De réir mar a dhéanann tú na sainteicnící agus na sainscileanna a bhaineann go sonrach le do thaibhiú ealaíne a fhiosrú, bíodh triail agat le haiseolas a iarraidh ar do mhúinteoir agus ar scoláirí eile faoin dul chun cinn atá á dhéanamh agat. Bain úsáid as an aiseolas sin le machnamh a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta agat agus le cabhrú leat teacht ar bhealaí ina bhféadfá feabhsú.

Ceapadh an gearrchúrsa seo mar chomhiarracht as a dtagann taibhiú deiridh. Agus obair ghrúpa nó obair foirne i gceist, ní mór na moltaí seo a leanas a chur san áireamh:

- Baineann an cinneadh faoi leagan amach agus stíl an chuir i láthair le hábhar don ghrúpa ar fad
- Ba chóir taifid macasamhail dearaí seit, dearaí cultacha agus dearaí soilse a choinneáil in áit shábháilte lena n-úsáid amach anseo
- Ba chóir plé agus cinntí grúpa a thaifeadadh agus a stóráil go sábháilte

- Agus an taibhiú beartaithe á phlé, ba chóir go mbeadh do ghrúpa ag smaoineamh i gcónaí ar an gcaoi a gcuirfear i láthair lucht féachana nó lucht éisteachta é agus ar an gcaoi a gcuirfear in iúl dóibh é
- Beidh ort machnamh a dhéanamh ag deireadh an taibhithe, lena n-áireofar machnamh ar an bhforbairt a rinne tú mar gheall ar an rannpháirtíocht sna healaíona agus ar do pháirt sa taibhiú seo, mar aon le haiseolas ó do chomhscoláirí agus ó do mhúinteoir, más ann dó.

Cé go ndéantar an Measúnú Rangbhunaithe seo mar ghníomhaíocht ghrúpa, is é do ról féin agus an méid a chuireann tú féin leis an obair a bheidh á scrúdú sa mheasúnú maidir leis an PGSS.

# An leibhéal gnóthachtála a chinneadh

## Na Gnéithe Cáilíochta

Déantar cur síos anseo ar na Príomhghnéithe Cáilíochta a thacaíonn le breithiúnas an scoláire agus an mhúinteora i gcomhair an Mheasúnaithe Rangbhunaithe. Is iad na Gnéithe Cáilíochta na critéir a úsáidtear lena mheas cén ceann de na tuairisceoirí seo a leanas is fearr a oireann d'obair an scoláire:

Úsáidtear **Thar barr ar fad** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear na Gnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is éasca don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm.

Úsáidtear **Os cionn na n-ionchas** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear na Gnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D'fhéadfadh sé go dtabharfadh an múinteoir aiseolas gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur uirthi, ach, tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán.

Úsáidtear **Ag teacht leis na hionchais** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear formhór na nGnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó.

Úsáidtear **Níor chomhlíon na hionchais go fóill** le cur síos a dhéanamh ar shaothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na nGnéithe Cáilíochta a bhaineann leis. B'fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na dearmaid bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart.



## **Na Gnéithe Cáilíochta: Taibhiú Ealaíne: Taibhiú Deiridh**

### **Thar barr ar fad**

Taispeántar léirmhíniú sármhaith ar an stíl/téama ar a bhfuil an comhthaibhiú bunaithe.

Is léir go bhfuil smacht teicniúil agus cruthaitheacht shármhaith a oireann don fhoirm ealaíne<sup>1</sup> le sonrú.

Léirítear sárscileanna comhoibre agus taispeántar teagmháil den chéad scoth leis an lucht féachana (más infheidhme).

Tá machnamh an scoláire ar a thaithí ar rannpháirtíocht sna healaíona ar chaighdeán fíor-ard.

### **Os cionn na n-ionchas**

Taispeántar léirmhíniú mion ar an stíl/téama ar a bhfuil an comhthaibhiú bunaithe.

Is léir go bhfuil smacht teicniúil agus cruthaitheacht ardleibhéil a oireann don fhoirm ealaíne le sonrú.

Léirítear scileanna an-éifeachtach comhoibre agus taispeántar teagmháil ardleibhéil leis an lucht féachana (más infheidhme).

Tá machnamh an scoláire ar a thaithí ar rannpháirtíocht sna healaíona ar chaighdeán an-ard.

### **Ag teacht leis na hionchais**

Taispeántar léirmhíniú maith ar an stíl/téama ar a bhfuil an comhthaibhiú bunaithe.

Is léir go bhfuil smacht teicniúil agus cruthaitheacht mhaith a oireann don fhoirm ealaíne le sonrú.

Léirítear scileanna éifeachtacha comhoibre agus cothaítear teagmháil réasúnta maith leis an lucht féachana (más infheidhme).

Tá machnamh an scoláire ar a thaithí ar rannpháirtíocht sna healaíona ar chaighdeán maith.

### **Níor chomhlíon na hionchais go fóill**

Is beag léirmhíniú ar an stíl/téama ar a bhfuil an comhthaibhiú bunaithe le sonrú.

Is beag smacht teicniúil agus cruthaitheacht a oireann don fhoirm ealaíne atá le sonrú.

Déantar fíorbheagán ceangail agus cumarsáide le baill an ghrúpa agus leis an lucht féachana agus tá sé ar leibhéal bunúsach.

Tá machnamh an scoláire ar a thaithí ar rannpháirtíocht sna healaíona uireasach agus tá easpa léargais le sonrú ann.

<sup>1</sup> Gnéithe amhail prapaí, solas, spás, foirm, comhdhéanamh, fuaim agus cultacha

## **Cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair**

Gheobhaidh comhaltaí foirne comhthuiscint ar chaighdeáin ghearrchúrsaí na sraithe sóisearaí trí phlé gairmiúil a dhéanamh sna cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. Bailíonn múinteoirí samplaí de shaothar scoláirí agus cuireann a mbreithiúnais i gcomparáid le comhghleacaithe eile. Le himeacht ama, is mar thoradh ar an bpróiseas sin a gheofar tuiscint níos fearr ar na caighdeáin agus a chinnteofar go ndéantar feidhmíocht scoláirí a mheas ar bhonn comhsheasmhach.

Nuair a bhíonn múinteoir aonair ar ghearrchúrsa i scoil, nuair is indéanta, glacfaidh an múinteoir páirt i gcruinniú Athbhreithnithe Foghlama agus Measúnaithe le scoil eile. Fiosrófar cumas TFC le tacú leis na cruinnithe sin.

**Is féidir teacht ar a thuilleadh sonraí faoin gcruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a bhainistiú agus faoi pháirt a ghlacadh ann ag <http://juniorcycle.ie/Assessment>.**

Tar éis an Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair déanfaidh gach múinteoir athmhachnamh a bhreithiúnas ar obair a scoláire bunaithe ar thorthaí an chruinnithe agus, nuair is gá, déanfaidh sé na hathruithe cuí chun an leibhéal gnóthachtála a bronnadh ar an saothar ar an gcéad dul síos a chur ina cheart. Úsáidtear na Tuairisceoirí a bhronntar chun dul chun cinn agus gnóthachtáil a thuairisciú do thuismitheoirí agus don scoláire mar chuid de nósanna imeachta tuairiscithe na scoile agus trí Phróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

### **Aiseolas a úsáid**

Céim ríthábhachtach is ea aiseolas éifeachtach a chur ar fáil le tacú leis an bhfoghlaim. Cuirfear an scoláire ar an eolas faoin Tuairisceoir a bronnadh air díreach tar éis torthaí an chruinnithe athbhreithnithe a phróiseáil. Bíodh sin mar atá, bíonn níos mó i gceist leis an aiseolas ná an Tuairisceoir a bronnadh ar an scoláire a chur in iúl dó. Féadtar aiseolas ar láidreachtaí obair an scoláire, agus ar réimsí ar gá iad a fheabhsú, a úsáid le tacú leis an bhfoghlaim amach anseo. Tá tuilleadh eolais faoi úsáid aiseolais le fáil ag <http://juniorcycle.ie/Assessment>.

### **Toradh a cheistiú**

Is í an scoil a dhéanfaidh plé le ceisteanna i ndáil leis na Tuairisceoirí a bhronntar ar Mheasúnú Rangbhunaithe, nuair a thagann a leithéid chun cinn.